



This project is funded
by the European Union

An Bhruiséil, an 28 Feabhra 2020

PREASRÁITEAS

Torthaí Deiridh Gníomh Faireachais Cómhargaidh EEPLIANT2 maidir le héicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh

Tugann torthaí iniúchadh agus gníomhaíochtaí tástála EEPLIANT2 le fios go bhfuil leibhéal arda de neamhchomhlíonadh le tabhairt faoi deara. Tá gníomhartha forfheidhmiúcháin á gcur i gcrích chun tairbhe thomhaltóirí na hEorpa.

Seoladh [Gníomhaíocht Chomhpháirteach EEPLIANT2](#) i Meán Fómhair 2017 agus ba é an aidhm a bhí leis an ngníomhaíocht tairbhí beartaithe eacnamaíocha agus comhshaoil rialachán an AE maidir le lipéadú fuinnimh agus treoracha Éicidhearthóireachta a sholáthar trí na rátaí comhlíontachta lena gceanglais éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú.

Cuireadh é seo i gcrích trí gníomhaíochtaí comhpháirteacha faireacháin, fíorúcháin agus forfheidhmiúcháin 17 nÚdarás um Fhaireachas Margaidh (UFManna) agus gníomhaireacht náisiúnta ón Ostair, ón mBulgáir, ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ó Éire, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón tSlóivéin agus ón tSualainn.

Le haghaidh 30 mí, rinne rannpháirtithe an tionscadail athbhreithniú ar na doiciméid theicniúla agus thástáil siad feidhmíocht fuinnimh fearais chuisniúcháin teaghlaigh, táirgí gairmiúla cuisniúcháin, agus an t-ídiú fuinnimh a bhí mar thoradh ar fhearais a bhí ar fhuireachas líonra. I ngach cás, tugadh deis do gach oibreoir eacnamaíoch soiléirithe agus gníomhartha deonacha a dhéanamh.

Thug na torthaí deiridh le fios go raibh saincheisteanna neamhchomhlíonta i gceist i ndáil le 40% de chuisneoirí teaghlaigh, 79% de chuisneoirí gairmiúla, agus 80% de tháirgí fuireachais líonra a tástáladh. **Ní gá go mbeadh na rátaí neamhchomhlíonta a bhfuil cur síos déanta orthu le haghaidh catagóirí aonair táirgí ionadaíoch ar an staid mhargaidh, mar gur dhírigh UFManna ar na táirgí ar dócha go mbeidh siad neamhchomhlíontach freisin.** Cúis ionaidh agus inní, áfach, do go leor rannpháirtithe an leibhéal ard neamhchomhlíonta a aimsíodh sna trí ghrúpa táirgí.

“I gcatagóir na bhFearas Cuisniúcháin Teaghlaigh, measann EEPLIANT2, le haghaidh 2020-2030, go mbeidh coigiltí carnacha fuinnimh de 775 GWh fuinneamh príomhúil agus coigilteas de € 75.6 milliún i gceist a bheadh caite ag saoránaigh Eorpacha ar bharraíocht leictreachais a bhuíochas le EEPLIANT2.” – Ioana Sandu, Comhordaitheoir Tionscadail, PROSAFE

Cuireadh i láthair agus pléadh torthaí deiridh an tionscadail, na ceachtanna foghlamtha agus na bearta forfheidhmiúcháin curtha i gcrích ag rannpháirtithe EEPLIANT2 i rith Chomhdháil Deiridh an tionscadail a reáchtáladh ar an 4 Feabhra 2020. Deis eile ba ea an Cheardlann Tobsmainteoireachta a eagraíodh i gcomhpháirt leis an gCoimisiún Eorpach ar an 5 Feabhra 2020 do na UFManna i gceist iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna a bhí mar bhonn leis an neamhchomhlíonadh aitheanta agus réitigh fhéideartha a phlé.




This project is funded by the European Union

Bhí an tionscadal EEPLIANT2 á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoi chreat Fís 2020. Is é [PROSAFE - Fóram um Shábháilteacht Táirgí na hEorpa](#) Comhordaitheoir an Tionscadail.

Fearais Chuisniúcháin Teaghlaigh:

Roghnaíodh agus athbhreithníodh cineálacha éagsúla cuisneoirí agus reoiteoirí agus meascán díobh bunaithe ar na rialacháin maidir le héicidhearthóireacht, lipéadú fuinnimh, agus lipéadú ar líne, lena n-áirítear iniúchtaí doiciméid, tástáil táirgí, agus iarrachtaí chun imchémniú poitéinsiúil a aimsiú.



Rinneadh athbhreithniú ar 89 siopa ar líne a bhí dírithe ar thaispeáint cheart lipéad in 10 dtír san AE. Measadh go raibh 80% díobh ag neamhchomhlíonadh, agus ní raibh lipéid fuinnimh ar bith á dtaispeáint ag 34%.

Rinneadh iniúchadh ar dhoiciméid theicniúla 172 táirge, agus rinneadh athbhreithniú ar bhreis is 50 paraiméadar. Bhain saincheisteanna sna doiciméid theicniúla le 61% de shamhlacha, agus measadh go raibh 17% de shamhlacha ag neamhchomhlíonadh i ndiaidh cumarsáid leis na hoibreoírí eacnamaíocha.

Tástáladh 43 samhail de chuisneoirí teaghlaigh i saotharlann chreidiúnaithe neamhspleách, agus measadh go raibh 40% de na samhlacha spriocdhírthe ag neamhchomhlíonadh.

Go dtí seo, tá beart curtha i gcrích/á chur i gcrích ag 79 oibreoír eacnamaíoch chun doiciméid theicniúla a dtáirgí a


cheartú nó chun an fhaisnéis atá ar an siopa ar líne a cheartú, agus aistarraingíodh 17 shamhail ón margadh, agus forchuireadh fíneálacha pionóis in 8 gcás. Níor aimsíodh aon chás d'imchémniú bogearraí nó ionramháil tástála.

Is freagracht chomhroinnte i measc na mBallstát, an tionscail agus na n-institiúidí Eorpacha é comhlíonadh "táirgí" le lipéadú fuinnimh agus éicidhearthóireacht a fheabhsú. Sin go díreach an chúis a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint le tionscadail cosúil le EEPLIANT2." – Inge Bernaerts, Ceann Aonaid C.4, DG ENER - An Coimisiún Eorpach

"Is fianaise iad na teipeanna seasmhacha agus comhsheasmhacha aitheanta gur gá gníomh breise a dhéanamh chun na rátaí comhlíonta ar an margadh a fheabhsú go suntasach." – Emma Olsson, Ceannaire Pacáiste Oibre, Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne



This project is funded by the European Union



Táirgí Gairmiúla Cuisniúcháin:


Rinne EEPLIANT2 athbhreithniú ar na doiciméid theicniúla a bhaineann le 64 cuisneoir caibinéid ghairmiúil. Áiríodh san athbhreithniú ar na doiciméid theicniúla breis is 50 paraiméadar agus d'iarr na húdaráis go ndéanfaí athruithe ar shonraí fógartha (lena n-áirítear aicmí lipéid agus rátálacha dleachta) in 40% de na cásanna athbhreithnithe. Rinneadh tástáil ar 29 samhail i saotharlann neamhspleách chreidiúnaithe.

“Sna seiceálacha a rinneadh ar dhoiciméid theicniúla, níor bronnadh pas, i ndáil le gach gné, ach ar 10% de chásanna. Bhain formhór na dteipeanna le teip faisnéis shimplí shonraithe a chur ar fáil: theip ar bheagnach leath de na cásanna an táille chuisneáin a lua; theip ar 40% réamhchúraimí chun éifeachtúlacht fuinnimh a bharrfheabhsú a shonrú; theip ar roinnt luach an ídithe fuinnimh kWh/lá a fhógairt.” – Franz Zach, Ceannaire

Pacáiste Oibre, Gníomhaireacht Fuinnimh na hOstaire

I gcás na tástála saotharlainne, theip ar 79% de shamhlacha a tástáladh ar bhealach suntasach. I gcás 15 chaibinéad (52%), bhí an t-ídiú fuinnimh tomhaiste níos airde ná an méid a fógraíodh sa lámhaltas fíorúcháin forordaithe. Aimsíodh go raibh toirt inmheánach tomhaiste i bhfad níos lú ná an luach fógartha ag breis is leath díobh.

Tá gníomhartha forfheidhmiúcháin ar bun go leanúnach i gcoinne táirgí neamhchomhlíonta; tá roinnt samhlacha bainte den mhargadh cheana féin agus forchuireadh 7 bhfineáil phionóis.



Fuireachas líonra:

Rinne an tionscadal EEPLIANT2 iniúchadh ar “Tháirgí Trealamh Nasctha” na hearnála iltáirgí atá clúdaithe ag na rialacháin maidir le Fuireachas Líonra agus Soláthairtí Seachtracha Cumhachta. Cosúil le táirgí eile, áirítear i measc na ngníomhartha a cuireadh i gcrích iniúchadh ar dhoiciméid, tástáil scáileáin agus tástáil iomlán. Áirítear i measc na samplaí de chatagóirí táirgí a ndearnadh athbhreithniú orthu boscaí bairr casta, ródairí/moidéimí, meaisíní caife, córais phictiúrlainne baile/córais callairí, consóil cluichí, folúsghlantóirí róbatacha, ríomhairí glúine.

As an 59 táirge a tástáladh, bhain saincheisteanna comhlíonta áirithe le 80%, e.g. bhain 59% le riachtanais soláthair sonraí, 36% le riachtanais bainistíochta cumhachta, agus 29% le riachtanais cumhacht fuireachais.

“A bhuiochas le tionscadal EEPLIANT2, tá an méid atá ar eolas againn agus ár dtaithe ar fhuireachas líonra feabhsaithe go mór. Tá tuilleadh le déanamh fós, áfach, más mian linn an méid suntasach fuinnimh atá cailte san earnáil táirgí seo a aisghabháil.” – Tim Stokes, Ceannaire Pacáiste Oibre, Fuinneamh Inmharthana na hÉireann



This project is funded by the European Union

Dea-chleachtas agus breisluach AE

Feabhsaíonn EEPLIANT2 comhchuíbiú an fhaireachais margaidh ar fud na hEorpa trí chomhordú agus comhoibriú trasteorann a fheabhsú agus trí dhea-chleachtas agus faisnéis a chomhroinnt. Chuige sin, d'fhorbair an tionscadal treoirleá Dea-chleachtas agus sraith straitéisí le teimpléid agus doiciméid eile chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an fhaireachais margaidh ar éicidhearthóireacht agus ar lipéadú fuinnimh a mhéadú. Cuireadh iad seo ar fáil do gach údarás ar fud an AE freisin, rud a chiallaigh go ndeachaigh siad chun tairbhe daoine nach mbeadh an oiread sin taithí acu ar an réimse teicniúil nó ar an earnáil táirgí sonracha.

Tá EEPLIANT2 deartha, ní hamháin chun tacú le Ballstáit le hídiú fuinnimh na gcéadta táirgí sonracha a fhaightear ar mhargadh an AE a fhíorú, ach chun comhoibriú idir príomhimeoirí margaidh agus príomhpháirtithe leasmhara a éascú, cosúil le cumainn tionscail agus tomhaltóirí, chun feachtas a mhúscailt agus rátaí comhlíonta níos airde a chinntiú le ceanglais éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh an AE. Cuireann an tionscadal seo leis an obair atá déanta ag [EEPLIANT2014](#) a rinne measúnú ar ídiú fuinnimh lampaí LED, téitheoirí agus printéirí, agus a d'fhóirigh a gcomhlíonadh bunaithe ar na ceanglais ghaolmhara maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Táthar ag leanúint leis na hiarrachtaí sin le [Gníomh Comhbheartaithe EEPLIANT3](#), gníomh a thabharfaidh deis d'údarás agus d'eagraíochtaí ó 20 Ballstát de AE agus don Tuirc iniúchadh agus tástáil a dhéanamh ar aerchóiritheoirí agus gaothráin chompoird, triomadóirí rothlaim, téitheoirí uisce, aonaid aerála, soilsíú, agus téitheoirí spáis áitiúla.

Deonú 76 táirge tástáilte atá fós ag feidhmiú

Ó tharla inbhuanaitheacht a bheith ag croílár a straitéise agus plean, go dtí seo tá **76** de na táirgí a tástáladh le haghaidh EEPLIANT2 deonaithe do charthanais agus do chomhlachtaí poiblí sa Bhruiséil. Beidh suaitheantas maoinithe an AE le feiceáil ar gach mír a dheonófar mar aitheantas ar rannpháirtíocht an AE.

DÉAN
TEAGMHÁIL
LINN

Ioana Sandu, Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Oifig PROSAFE
Avenue des Arts/Kunstlaan 41, B-1040 an Bhruiséil,
an Bheilg
Teil: +32 2 8080 996/-97
info@prosafe.org
www.prosafe.org / www.eepliant.eu



@PROSAFE_ORG / @EEPLIANT



PROSAFE (Sábháilteacht Táirgí) /
EEPLIANT

Faisnéis Chúlra:

Tá an fhaisnéis seo á heisiúint ag [PROSAFE - Fóram um Shábháilteacht Táirgí na hEorpa](#) agus ag na húdaráis um Fhaireachas Margaidh atá ag déanamh ionadaíochta ar 17 mBalltát de AE i nGníomh EEPLIANT2. Tá an Gníomh seo á chomhordú ag PROSAFE (Fóram um Shábháilteacht Táirgí na hEorpa), eagraíocht neamhbhrabúsach a thugann le chéile oifigigh faireachais margaidh as ar fud na hEorpa agus as ar fud an domhain. Tabhair cuairt ar www.prosafe.org más spéis leat tuilleadh eolais. Tá tuilleadh eolais le fáil ar an suíomh gréasáin seo freisin faoi na Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha eile atá á gcomhordú ag PROSAFE.

Séanadh

Tá an doiciméad seo dírithe ar Gníomh EEPLIANT2, a fhaigheann maoiniú ó chlár taighde agus nuálaíochta Fís 2020 an Aontais Eorpaigh faoi chomhaontú deontais uimhir 752591.

Is iad tuairimí an údair atá le fáil sa phreasaírteas seo agus is é an t-údar amháin atá freagrach as; ní féidir glacadh leis ar shlí ar bith mar léargas ar thuairimí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (EASME) nó aon chomhlacht eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní ghlacann EASME le freagracht as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá le fáil ann.